Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2023
(OR. en)

PUBLIC

9762/23

LIMITE

PECHE 207

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0118(NLE)**
**2023/0019(NLE)**
**2023/0117(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | 1. Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar cheann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (2023-2027)<br>- Glacadh<br>2. Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar cheann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (2023-2027)<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>3. Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta a bheartaítear faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar<br>- Glacadh |

1. Tar éis dó an chaibidlíocht a thabhairt chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar bhonn sainordú[1] arna thabhairt ag an gComhairle i mí an Mheithimh 2018, chuir <u>an Coimisiún</u> na tograí thuasluaite[2] faoi bhráid na Comhairle an 28 Aibreán 2023.

[1] 8710/18 + ADD 1
[2] 8800/23 + ADD 1, 8801/23 + ADD 1, 8803/23

2. Is ar Airteagal 43 agus Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) atá na dréacht-Chinntí agus an dréacht-Rialachán bunaithe.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh na tograí an 4 agus an 11 Bealtaine 2023. D'aontaigh sí bunús dlí an dá chinneadh a mhodhnú chun tagairt a dhéanamh d'Airteagal 43 CFAE ina iomláine, agus chomhaontaigh sí athrú foclaíochta maidir leis an duine atá údaraithe an prótacal a shíniú agus fógra a thabhairt maidir lena thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais.

4. Dúirt ionadaí an Choimisiúin go gcuirfeadh an Coimisiún ráiteas isteach le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle maidir leis an athrú ar an mbunús dlí agus maidir leis an duine arna ainmniú an prótacal a shíniú. Chuir DK forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte in iúl, ar cuireadh deireadh leis ó shin. Na hathruithe a chomhaontaigh an Mheitheal, d'eisigh an Uachtaránacht iad mar théacsanna comhréitigh[3] agus daingníodh iad trí chomhairliúchán i scríbhinn a chríochnaigh an 22 Bealtaine 2023.

5. Chuir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuairim dhearfach isteach an 1 Meitheamh 2023. D'fhill an Mheitheal ar an ábhar an 12 Meitheamh 2023 chun aird a thabhairt ar bharúlacha foirmiúla an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí[4]. Tá bailchríoch curtha ar na téacsanna i ngach teanga ag na saineolaithe dlí agus teanga ó shin.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an comhaontú ar thángthas air a dheimhniú, agus a mholadh don Chomhairle, ag seisiún a bheidh aici amach anseo:

   - an cinneadh maidir le síniú agus le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe agus an phrótacail, mar a leagtar amach in 9523/23 é, a ghlacadh;
   - an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe agus an phrótacail, mar a leagtar amach in 9525/23 é, a chomhaontú i bprionsabal, agus a chinneadh é a chur, mar aon le téacs an phrótacail mar a leagtar amach in 9007/23 é, chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil;
   - an rialachán maidir le deiseanna iascaireachta a leithdháileadh faoin bprótacal, mar a leagtar amach in 9812/23 é, a ghlacadh;
   - a chomhaontú na ráitis ón gCoimisiún atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach ina miontuairiscí.

[3] 9029/23, 9030/23 agus 9310/23
[4] 10102/23



PUBLIC

7. Foilseofar an cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, téacsanna an chomhaontaithe agus an phrótacail agus an rialachán maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta san Iris Oifigiúil. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus seolfar an cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach chuig an bParlaimint.

PUBLIC